Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11312/25**
**ADD 1**

**MI 511**
**COMPET 695**
**IND 249**
**TELECOM 237**
**CONSOM 131**
**JAI 1040**
**CT 91**
**PI 146**
**AUDIO 65**
**DELACT 95**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 4340 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE).../... ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na coinníollacha teicniúla agus na nósanna imeachta a leagan síos faoina bhfuil soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne le sonraí a roinnt le taighdeoirí grinnfhiosraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4340 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: C(2025) 4340 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.7.2025
C(2025) 4340 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE).../... ón gCoimisiún**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na coinníollacha teicniúla agus na nósanna imeachta a leagan síos faoina bhfuil soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne le sonraí a roinnt le taighdeoirí grinnfhiosraithe**

# IARSCRÍBHINN

## Freagrachtaí an Choimisiúin mar phróiseálaí le haghaidh gníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéantar i gcomhthéacs thairseach rochtana sonraí GSD

1. Déanfaidh an Coimisiún bonneagar TF slán agus iontaofa, is é sin tairseach rochtana sonraí GSD, a chur ar bun agus a áirithiú, thar ceann na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, ar bonneagar é lena dtacaítear le bainistiú an phróisis rochtana sonraí do thaighdeoirí, d'eagraíochtaí taighde, do sholáthraithe sonraí agus do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus lena gcuíchóirítear an bainistiú sin.

2. Chun a oibleagáidí a chomhlíonadh mar phróiseálaí do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, féadfaidh an Coimisiún tríú páirtithe a úsáid mar fhophróiseálaithe. Sa chás sin, údaróidh na rialaitheoirí don Choimisiún fophróiseálaithe a úsáid nó fophróiseálaithe a ionadú i gcás inar gá. Cuirfidh an Coimisiún na rialaitheoirí ar an eolas faoi úsáid fophróiseálaithe nó faoi ionadú fophróiseálaithe, agus ar an gcaoi sin deis a thabhairt do na rialaitheoirí agóid a dhéanamh in aghaidh aon athrú den sórt sin. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí cosanta sonraí céanna a leagtar amach sa Rialachán seo maidir leis na fophróiseálaithe sin.

3. Ní phróiseálfar sonraí pearsanta leis an bpróiseáil a dhéanfaidh an Coimisiún ach amháin a mhéid is gá don mhéid seo a leanas:

   (a) fíordheimhniú agus rialú rochtana maidir le húsáideoirí uile thairseach rochtana sonraí GSD;

   (b) cur chun feidhme iarrataí ó úsáideoirí thairseach rochtana sonraí GSD a údarú chun aon fhaisnéis atá san iarratas a chruthú, a nuashonrú agus a scriosadh i dtairseach rochtana sonraí GSD;

   (c) na sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den Rialachán seo arna n-uaslódáil ag úsáideoirí thairseach rochtana sonraí GSD a fháil;

   (d) sonraí pearsanta a stóráil i dtairseach rochtana sonraí GSD;

   (e) na sonraí pearsanta a scriosadh ar a ndáta éaga nó ar threoir a fháil don rialaitheoir;

   (f) nuair a bheidh deireadh leis na seirbhísí arna soláthar ag tairseach rochtana sonraí GSD, aon sonra pearsanta a bheidh fágtha a scriosadh mura rud é go gceanglaítear faoi dhlíthe an Aontais nó dlíthe Ballstáit go ndéanfar na sonraí pearsanta sin a stóráil.

4. Déanfaidh an Coimisiún gach beart úrscothach slándála eagraíochtúil, fisiceach agus loighciúil chun feidhmiú thairseach rochtana sonraí GSD a áirithiú. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

   (a) eintiteas a bheidh freagrach as bainistiú slándála thairseach rochtana sonraí GSD a ainmniú, a fhaisnéis teagmhála a chur in iúl do na rialaitheoirí agus a áirithiú go bhfuil sé ar fáil chun freagairt do bhagairtí slándála;

   (b) freagracht a ghlacadh as slándáil thairseach rochtana sonraí GSD, lena n-áirítear tástálacha, meastóireachtaí agus measúnuithe a dhéanamh go tráthrialta ar na bearta slándála.

5. Déanfaidh an Coimisiún gach beart slándála is gá ionas nach gcuirfear feidhmiú rianúil oibríochtúil thairseach rochtana sonraí GSD i mbaol. Áireofar leis sin:

(a) nósanna imeachta maidir le measúnú riosca chun bagairtí féideartha ar thairseach rochtana sonraí GSD a aithint agus a mheas;

(b) nós imeachta iniúchóireachta agus athbhreithniúcháin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an comhfhreagras idir na bearta slándála a chuirtear chun feidhme agus an beartas slándála is infheidhme a sheiceáil;

(b) sláine thairseach rochtana sonraí GSD, paraiméadair shlándála agus údaruithe arna ndeonú a rialú go tráthrialta;

(c) sáruithe slándála agus ionraí ar thairseach rochtana sonraí GSD a bhrath;

(d) athruithe a chur chun feidhme chun maolú a dhéanamh ar laigí slándála i dtairseach rochtana sonraí GSD cheana;

(e) na coinníollacha a shainiú faoina n-údarófar feidhmiú iniúchtaí neamhspleácha, lena n-áirítear arna iarraidh sin do na rialaitheoirí, agus faoina rannchuideofar leis na hiniúchtaí sin, lena n-áirítear cigireachtaí, agus athbhreithnithe ar bhearta slándála faoi réir coinníollacha lena n-urramaítear Prótacal (Uimh. 7) a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh.

(c) an nós imeachta um rialú a athrú chun doiciméadú a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann le hathrú sula gcuirtear chun feidhme é agus an tionchar sin a thomhas, agus na rialaitheoirí a choimeád ar an eolas maidir le haon athrú a d’fhéadfadh difear a dhéanamh don chumarsáid le tairseach rochtana sonraí GSD agus/nó do shlándáil na tairsí sin;

(d) nós imeachta cothabhála agus deisiúcháin a leagan síos lena sonrófar na rialacha agus na coinníollacha atá le hurramú nuair atá tairseach rochtana sonraí GSD le cothabháil agus/nó le deisiú;

(e) nós imeachta um theagmhais slándála a leagan síos chun an scéim tuairiscithe agus géaraithe a shainiú, na rialaitheoirí a ndearnadh difear dóibh a chur ar an eolas, na rialaitheoirí a chur ar an eolas gan mhoill ionas go dtabharfaidh siad fógra do na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta um chosaint sonraí faoi aon sárú ar shonraí pearsanta, agus próiseas araíonachta a shainiú chun déileáil le sáruithe slándála i dtairseach rochtana sonraí GSD.

6. Déanfaidh an Coimisiún bearta slándála úrscothacha fisiceacha agus loighciúla maidir leis na saoráidí a dhéanann tairseach rochtana sonraí GSD a óstáil agus maidir leis na rialuithe ar shonraí agus maidir le rochtain slándála ar na sonraí sin. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) slándáil fhisiceach a fhorfheidhmiú chun imlínte slándála soiléire a shuí agus chun sáruithe a bhrath i dtairseach rochtana sonraí GSD;

(b) rochtain ar shaoráidí thairseach rochtana sonraí GSD a rialú;

(c) a áirithiú nach féidir trealamh a thabhairt chun an áitribh, trealamh a ionadú nó trealamh a bhaint den láthair gan údarú a fháil roimh ré ó na comhlachtaí freagracha ainmnithe;

(d) rialú a dhéanamh ar rochtain ó thairseach rochtana sonraí GSD agus ar rochtain ar an tairseach sin;

(e) a áirithiú, i gcás úsáideoirí thairseach rochtana sonraí GSD a dhéanann tairseach rochtana sonraí GSD a rochtain, go ndéanfar iad a fhíordheimhniú;

(f) athbhreithniú a dhéanamh ar na cearta údaraithe a bhaineann le rochtain ar thairseach rochtana sonraí GSD i gcás sárú slándála a dhéanann difear do thairseach rochtana sonraí GSD;

(g) sláine na faisnéise arna tarchur trí thairseach rochtana sonraí GSD a chaomhnú;

(h) bearta teicniúla agus eagraíochtúla slándála a chur chun feidhme chun rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta i dtairseach rochtana sonraí GSD a chosc;

(i) bearta a chur chun feidhme, nuair is gá, chun rochtain neamhúdaraithe ar thairseach rochtana sonraí GSD a bhlocáil (i.e. suíomh/seoladh IP a bhlocáil).

7. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) bearta a dhéanamh chun a fhearann a chosaint, lena n-áirítear gearradh na gceangal, i gcás ina mbeidh diall substaintiúil ó na prionsabail agus ó na coincheapa maidir le cáilíocht agus slándáil;

(b) plean bainistithe riosca a choinneáil a bhaineann lena réimse freagrachta;

(c) faireachán a dhéanamh, i bhfíor-am, ar fheidhmíocht chomhpháirteanna seirbhíse uile thairseach rochtana sonraí GSD, staitisticí tráthrialta a chur ar fáil agus taifid a choimeád;

(d) tacaíocht a chur ar fáil, i mBéarla, d’úsáideoirí thairseach rochtana sonraí GSD, i leith na tairsí sin;

(e) cúnamh a thabhairt do na rialaitheoirí trí bhearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun oibleagáid an rialaitheora a chomhlíonadh i dtaca le hiarrataí a fhreagairt maidir le feidhmiú chearta an ábhair sonraí a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2016/679;

(f) tacú leis na rialaitheoirí trí fhaisnéis a sholáthar maidir le tairseach rochtana sonraí GSD chun na hoibleagáidí de bhun Airteagail 32, 33, 34, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679 a chur chun feidhme;

(g) a áirithiú nach féidir le haon duine nach bhfuil údaraithe rochtain a fháil ar na sonraí a phróiseáiltear laistigh de thairseach rochtana sonraí GSD;

(h) gach beart ábhartha a dhéanamh chun rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta arna dtarchur trí thairseach rochtana sonraí GSD a chosc;

(i) bearta a dhéanamh chun cumarsáid idir na rialaitheoirí a éascú;

(j) taifead a choimeád de na gníomhaíochtaí próiseála a dhéantar thar ceann na rialaitheoirí i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2018/1725.